# COINBHINSIÚN
# MAIDIR LE hAONTACHAS PHOBLACHT NA SEICE, PHOBLACHT NA hEASTÓINE, PHOBLACHT NA CIPIRE, PHOBLACHT NA LAITVIA, PHOBLACHT NA LIOTUÁINE, PHOBLACHT NA hUNGÁIRE, PHOBLACHT MHÁLTA, PHOBLACHT NA POLAINNE, PHOBLACHT NA SLÓIVÉINE AGUS PHOBLACHT NA SLÓVAICE LEIS AN gCOINBHINSIÚN MAIDIR LE CÁNACHAS DÚBAILTE A DHÍCHUR I nDÁIL LE BRABÚIS DE CHUID GNÓTHAS COMHLACHAITHE A CHOIGEARTÚ

TÁ NA hARDPHÁIRTITHE CONARTHACHA SA CHONRADH AG BUNÚ AN CHOMHPHOBAIL EORPAIGH,

DE BHRÍ gur ghabh Poblacht na Seice, Poblacht na hEastóine, Poblacht na Cipire, Poblacht na Laitvia, Poblacht na Liotuáine, Poblacht na hUngáire, Poblacht Mhálta, Poblacht na Polainne, Poblacht na Slóivéine agus Poblacht na Slóvaice orthu féin, ar theacht dóibh chun bheith ina gcomhaltaí den Aontas, aontú don Choinbhinsiún maidir le cánachas dúbailte a dhíchur i ndáil le brabúis de chuid gnóthas comhlachaithe a choigeartú (Coinbhinsiún na hEadrána), a síníodh sa Bhruiséil an 23 Iúil 1990, agus don Phrótacal a ghabhann leis, a síníodh sa Bhruiséil an 25 Bealtaine 1999,

TAR ÉIS CINNEADH ar an gCoinbhinsiún seo a chur i gcrích agus chuige sin tar éis na daoine seo a leanas a cheapadh mar Lánchumhachtaigh:

A SHOILSE RÍ NA mBEILGEACH,

UACHTARÁN PHOBLACHT NA SEICE,

A SOILSE BANRÍON NA DANMHAIRGE,

UACHTARÁN PHOBLACHT CHÓNAIDHME NA GEARMÁINE,

UACHTARÁN PHOBLACHT NA hEASTÓINE,

UACHTARÁN NA POBLACHTA HEILLÉANAÍ,

A SHOILSE RÍ NA SPÁINNE,

UACHTARÁN PHOBLACHT NA FRAINCE,

UACHTARÁN NA hÉIREANN,

UACHTARÁN PHOBLACHT NA hIODÁILE,

UACHTARÁN PHOBLACHT NA CIPIRE,

COMH-AIREACHT PHOBLACHT NA LAITVIA,

UACHTARÁN PHOBLACHT NA LIOTUÁINE,

A MHÓRGACHT RÍOGA ARD-DIÚC LUCSAMBURG,

UACHTARÁN PHOBLACHT NA hUNGÁIRE,

UACHTARÁN MHÁLTA,

A SOILSE BANRÍON NA hÍSILTÍRE,

UACHTARÁN CÓNAIDHME PHOBLACHT NA hOSTAIRE,

UACHTARÁN PHOBLACHT NA POLAINNE

UACHTARÁN PHOBLACHT NA PORTAINGÉILE,

UACHTARÁN PHOBLACHT NA SLÓIVÉINE,

UACHTARÁN PHOBLACHT NA SLÓVAICE,

UACHTARÁN PHOBLACHT NA FIONLAINNE,

RIALTAS RÍOCHT NA SUALAINNE,

A SOILSE BANRÍON RÍOCHT AONTAITHE NA BREATAINE MÓIRE AGUS THUAISCEART ÉIREANN,

NOCH A RINNE, ag teacht le chéile dóibh i dtionól Choiste Bhuanionadaithe na mBallstát chuig an Aontas Eorpach agus tar éis dóibh a Lánchumhachtaí, agus iad i bhfoirm cheart chuí, a thabhairt ar aird dá chéile,

COMHAONTÚ MAR A LEANAS:

AIRTEAGAL 1

Aontaíonn Poblacht na Seice, Poblacht na hEastóine, Poblacht na Cipire, Poblacht na Laitvia, Poblacht na Liotuáine, Poblacht na hUngáire, Poblacht Mhálta, Poblacht na Polainne, Poblacht na Slóivéine agus Poblacht na Slóvaice leis seo don Choinbhinsiún maidir le cánachas dúbailte a dhíchur i ndáil le brabúis de chuid gnóthas comhlachaithe a choigeartú, a svíníodh sa Bhruiséil an 23 Iúil 1990, maille leis na hoiriúnuithe agus na leasuithe uile a rinneadh air leis an Coinbhinsiún maidir le haontachas Phoblacht na hOstaire, Phoblacht na Fionlainne agus Ríocht na Sualainne leis an gCoinbhinsiún maidir le cánachas dúbailte a dhíchur i ndáil le brabúis de chuid gnóthas comhlachaithe a choigeartú, a síníodh sa Bhruiséil an 21 Nollaig 1995, agus leis an bPrótacal ag leasú an Choinbhinsiúin maidir le cánachas dúbailte a dhíchur i ndáil le brabúis de chuid gnóthas comhlachaithe a choigeartú, a síníodh sa Bhruiséil an 25 Bealtaine 1999.

AIRTEAGAL 2

Leasaítear mar a leanas an Coinbhinsiún maidir le cánachas dúbailte a dhíchur i ndáil le brabúis de chuid gnóthas comhlachaithe a choigeartú:

1) in Airteagal 2(2):

(a) cuirtear an pointe seo a leanas i ndiaidh phointe (a):

"(b) i bPoblacht na Seice:
– daň z příjmů fyzických osob;
– daň z příjmů právnických osob";

(b) déantar pointe (c) de phointe (b) agus cuirtear an téacs seo a leanas ina ionad:

"(c) sa Danmhairg:

- indkomstskat til staten;
- den kommunale indkomstskat;
- den amtskommunale indkomstskat";

(c) déantar pointe (d) de phointe (c);

(d) cuirtear an pointe seo a leanas i ndiaidh phointe (d):

"(e) i bPoblacht na hEastóine:

- tulumaks";

(e) déantar pointe (f) de phointe (d);

(f) déantar pointe (g) de phointe (e) agus cuirtear an téacs seo a leanas ina ionad:

"(g) sa Spáinn:

- Impuesto sobre la Renta de las Personas Físicas;
- Impuesto sobre Sociedades;
- Impuesto sobre la Renta de no Residentes."

(g) déantar pointe (h) de phointe (f);

(h) déantar pointe (i) de phointe (g);

(i) déantar pointe (j) de phointe (h) agus cuirtear an téacs seo a leanas ina ionad:

"(j) san Iodáil:

– imposta sul reddito delle persone fisiche;
– imposta sul reddito delle società;
– imposta regionale sulle attività produttive."

(j) cuirtear na pointí seo a leanas i ndiaidh phointe (j):

"(k) i bPoblacht na Cipire:

– Φόρος Εισοδήματος;
– Έκτακτη Εισφορά για την Άμυνα της Δημοκρατίας;

(l) i bPoblacht na Laitvia:

– uzņēmumu ienākuma nodoklis;
– iedzīvotāju ienākuma nodoklis;

(m) i bPoblacht na Liotuáine:

– Gyventojų pajamų mokestis;
– Pelno mokestis";

(k) déantar pointe (n) de phointe (i);

(l) cuirtear na pointí seo a leanas i ndiaidh phointe (n):

"(o) i bPoblacht na hUngáire:

– személyi jövedelemadó;
– társasági adó;
– osztalékadó;

(p) i bPoblacht Mhálta:

– taxxa fuq l – income";

(m) déantar pointe (q) de phointe (j);

(n) déantar pointe (r) de phointe (k);

(o) cuirtear an pointe seo a leanas i ndiaidh phointe (r):

"(s) i bPoblacht na Polainne:

– podatek dochodowy od osób fizycznych;
– podatek dochodowy od osób prawnych";

(p) déantar pointe (t) de phointe (l);

(q) cuirtear na pointí seo a leanas i ndiaidh phointe (t):

"(u) i bPoblacht na Slóivéine:

– dohodnina;
– davek od dobička pravnih oseb;

(v) i bPoblacht na Slóvaice:

– Daň z príjmov právnických osôb;
– Daň z príjmov fyzických osôb";

(r) déantar pointe (w) de phointe (m);

(s) déantar pointe (x) de phointe (n) agus cuirtear an téacs seo a leanas ina ionad:

"(x) sa tSualainn:

– statlig inkomstskatt;
– kupongskatt;
– kommunal inkomstskatt";

(t) déantar pointe (y) de phointe (o);

2) cuirtear na fleasca seo a leanas le hAirteagal 3(1):

"– i bPoblacht na Seice:
  – Ministr financí nó ionadaí údaraithe;

– i bPoblacht na hEastóine:
  – Rahandusminister nó ionadaí údaraithe;

– i bPoblacht na Cipire:
  – Ο Υπουργός Οικονομικών nó ionadaí údaraithe;

– i bPoblacht na Laitvia:
  – Valsts ieņēmumu dienests;

– i bPoblacht na Liotuáine:
  – Finansu ministras nó ionadaí údaraithe;

– i bPoblacht na hUngáire:
  – a pénzügyminiszter nó ionadaí údaraithe;

– i bPoblacht Mhálta:
  – il-Ministru responsabbli għall-finanzi nó ionadaí údaraithe;

– i bPoblacht na Polainne:
  – Minister Finansów nó ionadaí údaraithe;

– i bPoblacht na Slóivéine
  – Ministrstvo za finance nó ionadaí údaraithe;

– i bPoblacht na Slóvaice:
  – Minister financií nó ionadaí údaraithe";

3) in Airteagal 3(1), in ionad na fleisce

"– san Iodáil:

il Ministro delle Finanze nó ionadaí údaraithe"

cuirtear an méid seo a leanas:

"– san Iodáil:

Il Capo del Dipartimento per le Politiche Fiscali nó ionadaí údaraithe"

AIRTEAGAL 3

Cuirfidh Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh chuig Rialtais Phoblacht na Seice, Phoblacht na hEastóine, Phoblacht na Cipire, Phoblacht na Laitvia, Phoblacht na Liotuáine, Phoblacht na hUngáire, Phoblacht Mhálta, Phoblacht na Polainne, Phoblacht na Slóivéine agus Phoblacht na Slóvaice:

– cóip dheimhnithe den Choinbhinsiún maidir le cánachas dúbailte a dhíchur i ndáil le brabúis de chuid gnóthas comhlachaithe a choigeartú,

– cóip dheimhnithe den Choinbhinsiún maidir le haontachas Phoblacht na hOstaire, Phoblacht na Fionlainne agus Ríocht na Sualainne leis an gCoinbhinsiún maidir le cánachas dúbailte a dhíchur i ndáil le brabúis de chuid gnóthas comhlachaithe a choigeartú, agus

– cóip dheimhnithe den Phrótacal ag leasú an Choinbhinsiúin maidir le cánachas dúbailte a dhíchur i ndáil le brabúis de chuid gnóthas comhlachaithe a choigeartú,

sa Bhéarla, sa Danmhairgis, san Fhionlainnis, sa Fhraincis, sa Ghaeilge, sa Ghearmáinis, sa Ghréigis, san Iodáilis, san Ollainnis, sa Phortaingéilis, sa Spáinnis agus sa tSualainnis.

Gheofar na téacsanna den Choinbhinsiún maidir le cánachas dúbailte a dhíchur i ndáil le brabúis de chuid gnóthas comhlachaithe a choigeartú, den Choinbhinsiún maidir le haontachas Phoblacht na hOstaire, Phoblacht na Fionlainne agus Ríocht na Sualainne leis an gCoinbhinsiún maidir le cánachas dúbailte a dhíchur i ndáil le brabúis de chuid gnóthas comhlachaithe a choigeartú agus den Phrótacal ag leasú an Choinbhinsiúin maidir le cánachas dúbailte a dhíchur i ndáil le brabúis de chuid gnóthas comhlachaithe a choigeartú, arna dtarraingt suas san Eastóinis, sa Laitvis, sa Liotuáinis, sa Mháltais, sa Pholainnis, sa tSeicis, sa tSlóivéinis, sa tSlóvaicis agus san Ungáiris, in Iarscríbhinní I go IX a ghabhann leis an gCoinbhinsiún seo. Is téacsanna comhúdarásacha faoi na coinníollacha céanna le téacsanna eile an Choinbhinsiúin maidir le cánachas dúbailte a dhíchur i ndáil le brabúis de chuid gnóthas comhlachaithe a choigeartú na téacsanna arna dtarraingt suas san Eastóinis, sa Laitvis, sa Liotuáinis, sa Mháltais, sa Pholainnis, sa tSeicis, sa tSlóivéinis, sa tSlóvaicis agus san Ungáiris.

## AIRTEAGAL 4

Beidh an Coinbhinsiún seo faoi réir a dhaingnithe, a ghlactha nó a fhormheasa ag na Stáit Shínitheacha. Taiscfear na hionstraimí daingniúcháin, glactha nó formheasa le hArdrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh.

## AIRTEAGAL 5

Tiocfaidh an Coinbhinsiún seo i bhfeidhm sa chaidreamh idir na Stáit Chonarthacha a bhfuil sé daingnithe, glactha nó formheasta acu ar an gcéad lá den tríú mí tar éis an ceann deireanach de na hionstraimí daingniúcháin, glactha nó formheasa a thaisceadh ag na Stáit sin.

## AIRTEAGAL 6

Cuirfidh Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh in iúl do na Stáit Shínitheacha:

(a) taisceadh gach ionstraime daingniúcháin, glactha nó formheasa;

(b) dátaí an Choinbhinsiúin seo a theacht i bhfeidhm idir na Stáit atá tar éis é a dhaingniú, a ghlacadh nó a fhormheas.

AIRTEAGAL 7

Tarraingíodh an Coinbhinsiún seo suas i scríbhinn bhunaidh amháin sa Bhéarla, sa Danmhairgis, san Eastóinis, san Fhionlainnis, sa Fhraincis, sa Ghaeilge, sa Ghearmáinis, sa Ghréigis, san Iodáilis, sa Laitvis, sa Liotuáinis, sa Mháltais, san Ollainnis, sa Pholainnis, sa Phortaingéilis, sa tSeicis, sa tSlóivéinis, sa tSlóvaicis, sa Spáinnis, sa tSualainnis agus san Ungáiris, agus comhúdarás ag gach ceann den bhfiche haon téacs, agus taiscfear é i gcartlann Ardrúnaíocht Chomhairle an Aontais Eorpaigh. Cuirfidh an tArdrúnaí cóip dheimhnithe de chuig Rialtas gach ceann de na Stáit Shínitheacha.